AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.7.2024
COM(2024) 293 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

**maidir leis an dul chun cinn atá déanta chun ullmhú do chur chun feidhme iomlán na Rialachán Idir-inoibritheachta, i gcomhréir le hAirteagal 78(5) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 74(5) de Rialachán (AE) 2019/818**

## 1. Réamhrá

Tháinig na Rialacháin[1] lena mbunaítear an creat idir-inoibritheachta i bhfeidhm an 11 Meitheamh 2019 lena leagtar amach na forálacha dlíthiúla maidir le forbairt, láimhseáil sonraí agus faireachán a dhéanamh ar an tairseach chuardaigh Eorpach (ESP), ar an tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha, ar an stóras coiteann sonraí céannachta (SCSC), ar an mbrathadóir ilchéannachtaí (MID) agus ar an lárstóras um thuairisciú agus staidreamh. Tugann an idir-inoibritheacht barainneacht scála agus buntáistí éifeachtúlachta d'ailtireacht TF an Aontais i réimse na himirce, na dteorainneacha agus na slándála agus, trí idirnascadh a bhunachar sonraí, bunaítear gnéithe nua gan gá le tuilleadh sonraí a bhailiú. Áirítear sna gnéithe sin calaois chéannachta a bhrath ar bhealach níos fearr, modhanna nua chun náisiúnaigh tríú tír a shainaithint nach bhfuil doiciméid aitheantais chuí acu agus bealach tapa agus éifeachtúil chun cros-seiceáil a dhéanamh ar na córais chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coireachta tromchúisí eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Leis an idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE, cuirtear sásraí rialaithe cáilíochta sonraí i bhfeidhm freisin chun saincheisteanna cáilíochta sonraí a chosc, a bhrath agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-éascaítear an tAontas a oibleagáid dhearfach faoin dlí maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú chun a áirithiú go bhfuil na sonraí a chuirtear isteach sna córais cruinn agus cothrom le dáta.

Leis na Rialacháin, tugtar sainordú don Choimisiún, i gcomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar staid an chur chun feidhme. I gcomhréir leis na ceanglais sin, cuireann an Coimisiún tuarascálacha bliantúla faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta chun ullmhú do chur chun feidhme iomlán na Rialachán. Cumhdaítear leis an 4ú tuarascáil seo an tréimhse idir mí Dheireadh Fómhair 2022 agus mí na Samhna 2023.

Braitheann cur chun feidhme na Rialachán ar chur chun feidhme cuí na gcóras foluiteach atá mar chuid den chreat idir-inoibritheachta. Cé go bhfuil an mhoill atá ar sheachadadh an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES) ar an leibhéal lárnach mar gheall ar chonraitheoir eu-LISA ina toisc riosca fós maidir le cur chun feidhme cuí na Rialachán, tá toradh ar ghníomhaíocht cheartaitheach eu-LISA. Le gníomhaíocht na Gníomhaireachta, bhíothas in ann leanúint den obair leis an gconraitheoir a bhí ann cheana agus d'éirigh léi fadhbanna chur chun feidhme an tionscadail a scaoileadh. Is céim chinntitheach i dtreo chur i bhfeidhm EES é scaoileadh rathúil tháirge inmharthana íosta EES[2]. Thairis sin, d'fhormheas an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile i mí

[1] Rialachán (AE) 2019/817 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle; agus Rialachán (AE) 2019/818 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816. Tagraítear do na Rialacháin sin ar fud na tuarascála mar 'na Rialacháin'.

[2] I mí na Bealtaine 2023, d'fhorbair eu-LISA straitéis réitigh nua tríd an leibhéal idirghníomhaíochta le Príomhfheidhmeannaigh an Chuibhreannais tionscadail a mhéadú chun a ngealltanas agus a leithdháileadh

Dheireadh Fómhair 2023 an treochlár nua maidir le cur chuige i gcéimeanna, lenar ceadaíodh do chórais faisnéise AE agus do chomhchodanna idir-inoibritheachta teacht i bhfeidhm i sraith ceithre chéim as a chéile (an chéad chéim den dara leath 2024, an dara céim den chéad leath 2025, an tríú céim i lár 2025 agus an ceathrú céim ag deireadh 2026). Leis an gcur chuige i gcéimeanna, cruthaítear soiléireacht a bhfuil géarghá léi do na páirtithe leasmhara uile maidir leis an mbealach chun cinn do na blianta atá le teacht.

Idir an dá linn, leanann an obair ar chur chun feidhme na Rialachán ar fud na mBallstát, na dTíortha atá Comhlachaithe le Schengen agus ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais. Ós rud é go n-éilíonn an tionscadal idir-inoibritheachta ar na páirtithe leasmhara uile oibriú ar bhealach comhordaithe chun moilleanna i mBallstát amháin a dhéanann difear do chách a sheachaint, déanann an Coimisiún dlúthfhaireachán agus tacaíonn sé le hullmhacht gach Ballstáit go dtí go gcuirfear na comhchodanna idir-inoibritheachta i bhfeidhm.

## 2. An staid reatha maidir le córais creata idir-inoibritheachta

Faoin gcreat idir-inoibritheachta, na córais faisnéise mhórscála nua AE (an Córas Dul Isteach/Imeachta[3], an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS)[4], córas ECRIS-TCN[5] agus na córais faisnéise AE atá ann cheana ach atá athbhreithnithe (Córas Faisnéise

acmhainní a áirithiú, lenar cuireadh cur chuige ‘carntha’ chun feidhme de réir a chéile le hamlíne níos sláine agus modhanna oibre níos solúbtha. Is é is aidhm don chur chuige nua maidir le táirge inmharthana íosta, arna fhormhuiniú ag Bord Bainistíochta eu-LISA, cur chun feidhme EES a chobhsú trí dhíriú ar ghnéithe a thabharfadh luach breise d’úsáideoirí deiridh agus a chuirfeadh dlús lena n-ullmhúcháin. Is é an chéad scaoileadh den táirge inmharthana íosta, ag deireadh mhí Iúil 2023, an chéad chéim den straitéis réitigh. Dírítear sna céimeanna ina dhiaidh sin ar ghníomhaíochtaí tástála na mBallstát a atosú agus ar tháirge inmharthana íosta a uasghrádú chun feabhas a chur ar cháilíocht an táirge.

[3] Rialachán 2017/2226 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 327, 9.12.2017, lch. 20).

[4] Rialachán (AE) 2018/1240 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1).

[5] Rialachán (AE) 2019/816 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 1).

Schengen (SIS)[6] agus an Córas Faisnéise Víosaí (VIS)[7], chomh maith le Eurodac), beidh siad ag idirghníomhú le chéile trí na comhchodanna idir-inoibritheachta nuabhunaithe agus tríd an uirlis le haghaidh tuairisciú staidrimh. Tá dul chun cinn seasmhach á dhéanamh anois san amlíne a dtugtar tuairisc uirthi thuas maidir le teacht i bhfeidhm de réir a chéile na gcóras faisnéise nua agus athbhreithnithe de chuid an Aontais.

An 7 Márta 2023, baineadh garsprioc thábhachtach amach nuair a tháinig SIS athnuaite i bhfeidhm, mar an chéad ghné sa chreat idir-inoibritheachta. Leis an úrnuacht a bhaineann le cineálacha nua foláireamh, le tuilleadh catagóirí sonraí agus le feidhmiúlachtaí comhair fheabhsaithe, cuirtear feabhas ar shlándáil agus ar bhainistiú teorainneacha limistéar Schengen. Déanann sé amhlaidh trí uirlisí breise a sholáthar chun an choiriúlacht agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac, chun daoine atá ar iarraidh a aimsiú, agus chun daoine leochaileacha a chosaint. Fágann sé freisin gur féidir imirce neamhrialta a chosc agus a dhíspreagadh agus cearta na saoránach a chosaint. An 25 Iúil 2023, thosaigh an Chipir ag oibriú SIS, rud a fhágann gurb í an 31ú Ballstát í chun an córas a úsáid.

Mar ullmhúchán do theacht i bhfeidhm EES, glacadh 15 ghníomh cur chun feidhme agus tarmligthe[8]. Cé go raibh moilleanna móra ar an tionscadal, tá cur chun feidhme an chórais ag dul isteach sna céimeanna deiridh anois, ar leibhéal lárnach agus ar leibhéal náisiúnta araon. Tá toradh ar an straitéis réitigh a d'fhorbair eu-LISA chun moilleanna an tionscadail a shárú. Is é eisiúint rathúil an táirge inmharthana íosta EES an chéad chéim thábhachtach lenar féidir tástáil theicniúil agus ghnó a dhéanamh ar an gcóras. Chun an tionchar a bheadh ag cur i bhfeidhm EES ar phointí trasnaithe teorainneacha a mhaolú, phléigh an Coimisiún bearta réamhchúraim le eu-LISA agus leis na Ballstáit, agus tá feidhmchlár móibíleach á fhorbairt ag Frontex lenar féidir sonraí náisiúnach tríú tír a réamhchlárú. Roinneadh Lámhleabhar Praiticiúil EES leis na Ballstáit cheana chun tacú le hoiliúint na n-údarás náisiúnta. Ina theannta sin, trí shuíomh gréasáin EES a sheoladh ar a mbeidh faisnéis le haghaidh taistealaithe agus trí fheachtas faisnéise EES a ullmhú a bheidh ag gabháil le tús na n-oibríochtaí, éascófar tuiscint ar na nósanna imeachta nua ag na teorainneacha seachtracha. Tá EES agus seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha anois mar

---

[6] Rialachán 2018/1860 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh (IO L 312, 7.12.2018, lch. 1);
Rialachán (AE) 2018/1861 maidir le Córas Faisnéise Schengen a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 1987/2006 (IO L 312, 7.12.2018, lch. 14);
Rialachán (AE) 2018/1862 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 210/261/AE ón gCoimisiún (IO L 312, 7.12.2018, lch. 56).

[7] Rialachán (AE) 2021/1134 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11).

[8] Tá gníomh cur chun feidhme lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiúlacht le haghaidh bainistiú láraithe liostaí d'údaráis i dtaca le Córais Dul Isteach/Imeachta agus Córas Faisnéise Víosaí á ullmhú ar leibhéal an Choimisiúin.

chuid den chéad chéim de chur chun feidhme an Chreata Idir-inoibritheachta, agus tá sé beartaithe go dtiocfaidh siad i bhfeidhm le linn an dara leath de 2024.

A mhéid a bhaineann le ETIAS, tá gníomhaíochtaí cur chun feidhme ar siúl faoi láthair. As an 31 ghníomh cur chun feidhme agus tarmligthe is gá a ghlacadh, tá cúig ghníomh fós le glacadh agus tá trí ghníomh á dtabhairt chun críche faoi láthair sula nglacfar iad. Ní féidir dhá cheann de na gníomhartha tarmligthe atá fágtha (maidir le fad na n-idirthréimhsí agus na dtréimhsí cairde) a ghlacadh go dtí go mbeidh tús curtha le ETIAS. Tá feachtas cumarsáide domhanda á ullmhú, lena n-áirítear suíomh gréasáin tiomnaithe ETIAS chun a áirithiú go gcuirfear taistealaithe chuig an Eoraip ar an eolas go tráthúil agus go leormhaith faoi na ceanglais taistil nua. Tá ETIAS, mar aon le ESP agus SCSC, mar chuid den dara céim, a thiocfaidh i bhfeidhm sa chéad leath de 2025.

Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le forbairt chóras ECRIS-TCN. Glacadh an gníomh cur chun feidhme lena leagtar síos bearta maidir le forbairt theicniúil agus cur chun feidhme an chórais láraithe chun na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát. Tá an córas á chur chun feidhme ag eu-LISA faoi láthair. Cuirfear córas ECRIS-TCN, mar aon le ESP, SCSC agus seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha le haghaidh chóras ECRIS-TCN, i bhfeidhm sa tríú céim, atá socraithe le haghaidh lár 2025.

Tá an obair ar athbhreithniú VIS ar siúl ó glacadh Rialachán leasaithe (AE) 2021/1134. Dírítear faoi láthair ar ullmhú na reachtaíochta tánaistí is gá chun VIS athbhreithnithe a fhorbairt. Glacadh sé cinn as 12 ghníomh. Cuirfear VIS athbhreithnithe, mar aon le MID, an chomhchuid dheireanach den Idir-inoibritheacht, i bhfeidhm sa cheathrú céim (an dara leath de 2026). Nuair a sheachadfar MID, cuirfear tús le hIdirthréimhse MID [9].

Beidh feidhm ag na Rialacháin freisin maidir le Eurodac athbhreithnithe[10].

## 3. Staid chur chun feidhme na hidir-inoibritheachta ag an gCoimisiún

Leis na Rialacháin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh chun gnéithe teicniúla mionsonraithe áirithe de na Rialacháin a fhorlíonadh agus a chur chun feidhme. Tá cuid de na gníomhartha sin riachtanach chun go mbeidh eu-LISA in ann tús a chur le dearadh agus forbairt na gcomhchodanna i gcomhthéacs ailtireacht fhoriomlán an chórais, go háirithe toisc gur gá sonraíochtaí teicniúla a shainmhíniú agus nósanna imeachta soláthair a ullmhú chun dul i mbun oibre le conraitheoirí. Tá gá le gníomhartha eile chun rialacha

[9] Airteagal 69 de Rialachán (AE) 2019/817, Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2019/818.

[10] Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bunú ‘Eurodac’ chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialacháin (AE) 2024/1351 agus (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

teicniúla a leagan síos chun oibríochtaí na n-údarás ábhartha ar an láthair a éascú, mar shampla trí fhoirmeacha caighdeánacha a úsáid agus nósanna imeachta comhair chun aghaidh a thabhairt ar theagmhais slándála.

Glactar na gníomhartha i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí ábhartha chomh maith le Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh agus pléitear iad sna coistí agus sna grúpaí saineolaithe a bunaíodh chun na críche sin. Glacadh na gníomhartha uile is gá chun idir-inoibritheacht a fhorbairt (trí ghníomh tarmligthe agus deich ngníomh cur chun feidhme). Mar gheall ar ghlacadh Rialachán Athbhreithnithe VIS[11], Rialachán leasuithe iarmhartacha VIS[12] agus Rialacháin leasuithe iarmhartacha ETIAS[13] an 7 Iúil 2021,[14] b'éigean trí ghníomh a athbhreithniú. Meastar anois go bhfuil na téacsanna nua cobhsaí agus gur gearr go nglacfar go críochnaitheach iad. Leis na Rialacháin, tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh téarma 5 bliana. Mar gheall ar na moilleanna a tharla de bharr thionscadal EES agus an tionchar a bhí aige ar theacht i bhfeidhm na gcomhchodanna idir-inoibritheachta, tá síneadh iarrtha ag an gCoimisiún ar na cumhachtaí tarmligthe. Is é sin an t-aon bhealach lena ráthú go bhféadfaí síneadh a chur, más gá, leis an idirthréimhse dá bhforáiltear don tairseach cuardaigh Eorpach[15] agus leis an idirthréimhse chun ilchéannachtaí a bhrath[16].

De bhun Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2019/818, tá sainordú ag an gCoimisiún freisin Lámhleabhar Praiticiúil do Chur Chun Feidhme agus do Bhainistiú na gComhchodanna Idir-inoibritheachta a chur ar fáil. Tá an Lámhleabhar ríthábhachtach chun tacú le húsáideoirí córas faisnéise AE (amhail údaráis teorann, údaráis víosaí, údaráis inimirce agus údaráis forfheidhmithe dlí) trí threoraíocht réamhdhéanta sho-úsáidte a chur ar fáil chun na gnéithe a chuirtear ar fáil trí idir-inoibritheacht a úsáid. Is é an Coimisiún a fhorbraíonn an Lámhleabhar i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le eu-LISA, le Europol, le Frontex agus leis an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha. Le linn na tréimhse tuairiscithe, eagraíodh seacht gcruinniú den ghrúpa saineolaithe agus trí chruinniú den ghrúpa saineolaithe

---

[11] Rialachán (AE) 2021/1134 chun críoch an Chórais Faisnéise Víosaí a athchóiriú (IO L 248, 13.7.2021, lch. 11)

[12] Rialachán (AE) 2021/1133 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Faisnéise Víosaí (IO L 248, 13.7.2021, lch. 1)

[13] Rialachán (AE) 2021/1150 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/818 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (IO L 249, 14.7.2021, lch. 1);
Rialachán (AE) 2021/1151 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/816 agus (AE) 2019/818 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (IO L 249, 14.7.2021, lch. 7);
Rialachán (AE) 2021/1152 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861 agus (AE) 2019/817 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise AE eile chun críocha an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (IO L 249, 14.7.2021, lch. 15);

[14] C(2021)4982 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/817 le rialacha mionsonraithe maidir le hoibriú an lárstórais um thuairisciú agus staidreamh, C(2021)5052 lena leagtar síos rialacha teicniúla maidir le próifílí úsáideoirí na tairsí cuardaigh Eorpaí, agus C(2021)6176 lena leagtar síos rialacha teicniúla chun naisc a chruthú idir sonraí ó chórais faisnéise AE éagsúla.

[15] Airteagal 67(2) de Rialachán (AE) 2019/817, Airteagal 63(2) de Rialachán (AE) 2019/818.

[16] Airteagal 69(8) de Rialachán (AE) 2019/817, Airteagal 65(8) de Rialachán (AE) 2019/818.

comhpháirteacha chun comhthuiscint a chothú agus chun nósanna imeachta caighdeánacha agus moltaí caighdeánacha a fhorbairt lena gcur isteach sa Lámhleabhar. Tá sé beartaithe an chéad leagan den Lámhleabhar Praiticiúil idir-inoibritheachta a bheith réidh faoi lár 2024.

Tá leagan digiteach de na Lámhleabhair, atá éasca le nascleanúint, á fhorbairt ag an gCoimisiún freisin chun freagairt do thimpeallacht oibre na n-úsáideoirí gcóras faisnéise AE atá ag éirí níos casta i gcónaí. Mar gheall ar ghnéithe a cuireadh leis, amhail naisc a éilíonn fíorú de láimh, beidh ar úsáideoirí oibríochtaí a dhéanamh uaireanta lena mbaineann roinnt de na córais faisnéise agus na comhchodanna idir-inoibritheachta ag an am céanna. Leis an uirlis scaipthe ar líne[17] atá á cur ar bun faoi láthair, déanfar gach roinn den Lámhleabhar a idirnascadh ionas gur féidir le húsáideoirí nascleanúint a dhéanamh tríothu ó thaobh na gcóras (e.g. EES nó ETIAS) nó ó thaobh úsáideoirí deiridh (e.g. garda teorann nó oifigeach póilíneachta). Ag brath ar ról na n-úsáideoirí, déanfar faisnéis agus nósanna imeachta a scagadh chun nach dtaispeánfar ach an fhaisnéis atá ábhartha don úsáideoir áirithe sin. Cuirfear SIS, EES, ETIAS agus Lámhleabhair Idir-inoibritheachta ar fáil ar an uirlis scaipthe faoin dara ráithe de 2024.

## 4. An staid maidir le cur chun feidhme agus idir-inoibritheachta sna Ballstáit agus i ngníomhaireachtaí an Aontais

Bunaítear leis na Rialacháin an creat rialachais atá comhdhéanta de Bhord Bainistíochta an Chláir Idir-inoibritheachta[18] agus den Ghrúpa Comhairleach Idir-inoibritheachta[19] chun dearadh agus forbairt leormhaith na gcomhchodanna agus na n-uirlisí idir-inoibritheachta a áirithiú. Tá an dá chomhlacht faoi scáth eu-LISA, agus tá an Coimisiún ina chomhalta den dá cheann. Pléitear cur chun feidhme teicniúil na Rialachán sna comhlachtaí sin agus déantar faireachán ar an dul chun cinn trí úsáid a bhaint as ceistneoir míosúil/démhíosúil maidir leis na hullmhúcháin theicniúla ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais.

Chun measúnú a dhéanamh ar staid an chur chun feidhme lasmuigh de na hullmhúcháin theicniúla, eagraíonn an Coimisiún an Fóram go tráthrialta maidir le cur chun feidhme na hailtireachta nua le haghaidh córais faisnéise AE maidir le teorainneacha, imirce agus slándáil. Roimh an bhFóram, cuirtear ceistneoir chuig na Ballstáit uile agus chuig gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais chun na leibhéil cur chun feidhme a mheas. Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'eagraigh an Coimisiún dhá Fhóram (mí na Nollag 2022, mí na Samhna 2023) agus sheol sé dhá cheistneoir (mí na Samhna 2022 agus mí Aibreáin 2023).

Is féidir grúpa beag Ballstát a shainaithint mar cheannródaithe, nuair atá dul chun cinn níos measartha á dhéanamh ag na Ballstáit eile. Ní cúis imní é sin go fóill ach déanfar dlúthfhaireachán air chun ullmhacht thráthúil na mBallstát uile a áirithiú. Den chéad uair, díríodh i gceistneoir mhí Aibreáin 2023 freisin ar na céimeanna a glacadh ar leibhéal náisiúnta chun ullmhú le haghaidh

[17] Suíomh gréasáin is ea an uirlis scaipthe nach mbeidh rochtain uirthi ach ag pobal úsáideoirí na gcóras lena mbaineann na Lámhleabhair agus atá á n-óstáil ag seirbhís TF an Choimisiúin (DIGIT).

[18] Airteagal 54(4) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Rialachán (AE) 2019/818.

[19] Airteagal 75 de Rialachán (AE) 2019/817, Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2019/818.

fíorú de láimh na nasc idir sonraí i gcórais faisnéise AE éagsúla, arb é an t-athrú is mó é ar oibríochtaí gnó reatha do na húdaráis lena mbaineann. Thosaigh thart ar aon trian de na Ballstáit agus de Thíortha atá Comhlachaithe le Schengen ag forbairt bogearraí náisiúnta chun na críche sin. B'fhearr le roinnt Ballstát go bhforbródh eu-LISA uirlis lárnach chun na críche sin agus rinneadh iarraidh ar a forbairt a chomhdú le linn na tréimhse tuairiscithe. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag roinnt Ballstát leibhéal áirithe láraithe a bheith ann chun an fíorú de láimh a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla, rud ar díol sásaimh don Choimisiún é.

Leanann an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanann na Ballstáit maidir le cur chun feidhme chun réimsí a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní a shainaithint go luath agus chun ullmhacht a áirithiú maidir le tús a chur le hoibriú córas faisnéise AE agus lena n-idir-inoibritheacht. Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'eagraigh an Coimisiún, le tacaíocht eu-LISA, 56 chruinniú leis na Ballstáit, le Tíortha atá Comhlachaithe le Schengen, le gníomhaireachtaí agus iompróirí de chuid an Aontais.

## 5. Riachtanais oiliúna

Le linn na tréimhse tuairiscithe, thacaigh an Coimisiún le hoiliúint a bhain le hIdir-inoibritheacht a d'eagraigh CEPOL[20]. Eagraíodh sé chúrsa le linn na tréimhse tuairiscithe. Trí sheimineár gréasáin maidir le hidir-inoibritheacht a úsáid chun rochtain an fhorfheidhmithe dlí ar shonraí a éascú agus trí chúrsa seachtaine iomlána, péire maidir leis na Rialacháin Idir-inoibritheachta i gcoitinne agus cúrsa sonrach amháin maidir le MID agus oibríochtaí gaolmhara.

Déanfaidh na moilleanna agus an t-athsceidealú ar theacht i bhfeidhm na gcóras faisnéise athbhreithnithe agus nua AE difear freisin don sceideal oiliúna idir-inoibritheachta. Tá sé sin ábhartha go háirithe maidir leis an oiliúint ullmhúcháin do theacht i bhfeidhm MID. Is é MID an chomhchuid idir-inoibritheachta dheireanach a bheidh le cur i bhfeidhm ach is aige is mó a bheidh tionchar ar oibríochtaí gnó sna Ballstáit agus in Frontex. Chun úsáideoirí deiridh a ullmhú i gceart, eagróidh CEPOL cúrsaí a dhíreoidh ar phróiseas MID agus ar bhainistiú nasc.

Tá ábhar oiliúna idir-inoibritheachta á fhorbairt ag an gCoimisiún chun tacú leis na gníomhaíochtaí oiliúna sin. Tá clár oiliúna mionsonraithe á fhorbairt lena gcumhdófar gach gné a bhaineann le hidir-inoibritheacht chomh maith le seisiúin oiliúna níos giorra agus níos saincheaptha do na pobail úsáideoirí éagsúla.

## 6. Cistí an Aontais

Tá an caiteachas le linn na tréimhse tuairiscithe faoi bhun na méideanna a mheastar sa ráiteas airgeadais reachtach agus níor sainaithníodh aon riosca róchaiteachais go dtí seo. De réir na

[20] Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí.

Tuarascála is déanaí ar Dhul Chun Cinn maidir le hIdir-inoibritheacht ó eu-LISA,[21]íocadh EUR 32.5 milliún le conraitheoirí agus rinneadh conradh EUR 60.6 milliún go dtí seo le haghaidh gníomhaíochtaí forbartha agus cur chun feidhme.

Moltar do na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil faoina gcláir Ciste Slándála Inmheánaí don tréimhse 2014-2020, go dtí go rachaidh an sprioc-am le haghaidh incháilitheacht caiteachais in éag an 30 Meitheamh 2024. Moltar do na Ballstáit freisin úsáid a bhaint as na hacmhainní chun tuilleadh forbartha agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE atá ar fáil faoina gcláir, arna gcistiú ag gníomhaíochtaí na hIonstraime le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV) chun an idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh.

## 7. Conclúid

Tá cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta ina chuid fhíor-riachtanach den ailtireacht TF feabhsaithe le haghaidh córais faisnéise nua agus uasghrádaithe AE lena n-éascaítear ní hamháin rochtain níos tapúla, níos éifeachtúla agus níos córasaí ar shonraí ag údaráis teorann, údaráis víosaí, údaráis inimirce agus údaráis forfheidhmithe dlí, ach lena gcumasaítear trasnú teorann níos rianúla agus níos sábháilte freisin do na milliúin náisiúnach tríú tír a thugann cuairt ar an Aontas Eorpach gach bliain.

Léirítear sa tuarascáil go ndearnadh dul chun cinn seasmhach le linn na tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go mí na Samhna 2023. Tá an Coimisiún sna céimeanna deiridh de thrí ghníomh leasaithe agus tarmligthe a[22] bhaineann leis an gCreat Idir-inoibritheachta a ghlacadh. Rinneadh dul chun cinn seasmhach san obair ar fhorbairt an Lámhleabhair Phraiticiúil do Chur Chun Feidhme agus do Bhainistiú na gComhchodanna Idir-inoibritheachta agus tá coinne leis an gcéad leagan faoi lár 2024, agus tá dul chun cinn déanta freisin maidir leis an uirlis scaipthe ar líne don Lámhleabhar idir-inoibritheachta agus do Lámhleabhair eile. Léiríonn staid chur chun feidhme na Rialachán i measc na mBallstát grúpa beag Ballstát ceannródaíoch agus grúpa mór a bhfuil dul chun cinn níos measartha á dhéanamh acu. Ní cúis imní é sin go fóill, ach tá gá le dlúthfhaireachán.

Meastar gur mór an tionchar a bheidh ag an oibleagáid na naisc arna nginiúint ag MID a fhíorú de láimh ar oibríochtaí gnó na n-údarás a ndéantar difear dóibh. Léiríodh torthaí dearfacha sa chéad fhiosrúchán domhain ar leibhéil ullmhachta toisc go bhfuil iarrachtaí ar bun sna Ballstáit agus na hoibleagáidí nua sin á gcur san áireamh, ach níl an obair ullmhúcháin curtha i gcrích go fóill. Cé go gcuirtear roinnt ama breise ar fáil don ullmhúchán leis an dáta nua le haghaidh chur i bhfeidhm na gcomhchodanna idir-inoibritheachta, MID go háirithe, níor cheart go gcuirfí moill ar mhóiminteam an tionscadail mar thoradh air sin.

Leanfaidh an Coimisiún de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus de mheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme na Rialachán. Leanfaidh sé de bheith i

[21] An t-ochtú tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le forbairt na hidir-inoibritheachta de réir Airteagal 78(2) de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 74(2) de Rialachán (AE) 2019/818 (2023-215).

[22] C(2021)4982, C(2021)5052, agus C(2021)6176. Féach fonóta 14 le haghaidh na dteideal iomlán.

dteagmháil go tráthrialta leis na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann chun gníomhaíochtaí a chomhordú agus faireachán a dhéanamh orthu, chun réimsí a d'fhéadfadh a bheith achrannach a shainaithint agus chun na rioscaí a bhaineann le cur chun feidhme na hidir-inoibritheachta a laghdú agus chun tacú le cur chun feidhme tráthúil agus éifeachtúil na dtionscnamh uile i ndáil leis an amlíne a comhaontaíodh. Coinneoidh an Coimisiún an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi dhul chun cinn atá déanta trí thuairisciú bliantúil agus trí nósanna imeachta Choistí agus ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin.